

1. Cad a rinne tú i rith na seachtaine? What did you do during the week?

2. Cad a dhéanfaidh tú le haghaidh Lá
’Fhéile Pádraig? What will you do for St. Patrick’s
Day?

3. An mbíonn tú ag éisteacht le
amhráin as Gaeilge? Do you listen to songs in Irish?

4. An ndeachaigh tú ar bhád nó long?
Conas a bhí an turas? Did you go on a boat or ship? How
was the journey?

5. An ndearna do shinsir imirce ó thír
amháin go tír eile? Did your ancestors emigrate from
one country to another?

Cólín Phádraic Shéamuis
Pádraig Ó hAoláin

1. Ó saolaíodh thú is mairg a rá,
2. Go raibh an long anonn i ndán duit -
3. Bhí sé romhat de shíor go mbeifeá lá,
4. I measc na n-imirceánach.

5. Níl maireachtáil ag baile dhuit,
6. Ní thusa féin is cáinte
7. Ach an dream a d'fhág tú thiar díomhain,
8. Is ag stracadh leis an ganntan.

Curfá

9. Tá long ag dul anonn inniu,
10. A Chóilín Phádraic Shéamais,
11. Agus imigh leat thar sáile anonn,
12. Mar a bhfaighidh tú luach do shaothair.

13. Ag sclábhaíocht is ag sluaisteáil cré,
14. Ó éirí go luí na gréine,
15. A bheas tú thall i dtír na nGall,
16. A Chóilín Phádraic Shéamais.

17. Is iomaí lá breá gréine,
18. A chaith tú ar bheagán buartha,
19. Ag fiach i measc na gcnocán [glas],
20. Nó ag iascaireacht sna cuanta.

21. Ba ghaiscíoch ins an churach tú,
22. Is tú ' sharódh an gála,
23. Is ba bhinne leat ná ceol na bpíob,
24. Gíoscán na maidí ramha.

Curfá

25. Ní fheicfidh tú aríst go deo
26. Do chairde ná do ghaolta,
27. Is ní scarfaidh tú aríst go brách
28. An mhóin ar thaobh an tsléibhe.

29. Fág slán ag cladach is ag sliabh;
30. Fág slán ag Connemara,
31. Mar ní fhillfidh tú go deo na ndeor
32. Ar do thír ná ar do bhaile.

Curfá

Coilin of Patrick James
Paddy Hyland

Since you were born, it's a pity to say,
That the boat over was destined for you -
It was ever before that one day you'd be
Amongst the emigrants.

There is no living at home for you
It's no fault of your own
But those you left behind you destitute,
And struggling with poverty.

Chorus

**There's a boat going over today,
Cólín Phádraic Shéamais
And off with you over across the sea,
Where you will find the value of your labor.**

**Slaving and shoveling clay,
From the rising to the setting of the sun,
You'll be over in the land of the foreigners,
Cólín Phádraic Shéamais**

It's many a fine sunny day,
You spent with little worry,
Hunting amongst the [green] hills,
Or fishing in the bays.

You were quite the man in the currach,
It's you who would beat the gale,
And sweeter to you than the music of the pipes,
The creaking of the oars.

Chorus

You'll never again see
Your friends or your relations.
And you'll never spread again
The turf on the side of the mountain.

Say goodbye to shore and to mountain;
Say goodbye to Connemara,
For you'll not return ever
To your land or to your home.

Chorus

Ceisteanna

1. Cad is ainm d’athair Chóilín?
2. Cad is ainm dá sheanathair?
3. Ar chaith Cólín a shaol lena mhuintir?
4. Cá ndeachaigh Cólín?
5. Cad a rinne Cólín nuair a bhí sé óg?
6. Cén saghas báid a mbíodh Cólín ann?
7. Cén chontae ina raibh cónaí ar Chóilín?

Questions

- What is Cólín’s father’s name?
- What is his grandfather’s name?
- Did Cólín spend his life with his family?
- Where did Cólín go?
- What did Cólín do when he was young?
- What kind of boat did Cólín used to be in?
- In which county did Cólín live?